

EACNAMAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL - 400 marc

751

DÉARDAOIN 24 MEITHEAMH, 9.30 - 12.00

Gan ach SÉ cheist a fhreagairt as Roinn A agus CEITHRE cheist as Roinn B. Tabharfar creidiúint ar an bhfreagairt a bheith soiléir cruinn agus ar an ábhar a bheith leagtha amach i ndea-ord.


ROINN A (100 marc)

Tá an roinn seo ar bheiléog faoi leith ina bhfuil spás do do fhreagraí. Ní mór an bheiléog sin agus í comhlánaithe, a chur ar ais le do fhreagarleabhair ag deireadh an scrúdaithe.

ROINN B (300 marc)

Gan níos mó ná CEITHRE cheist a fhreagairt. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (i.e. 75). Tabhair aird ar an bhforoinnt sna ceisteanna.

- Léiríonn an léaráid thíos staid cothromaíochta ghnólacht monaplachta.




- (a) (i) Déan an léaráid a chóipeáil isteach i do fhreagarleabhar agus cuir lipéad soiléir leis an míniú eacnamaíoch ar gach ceann de na línte a bhfuil na huimhreacha 1 go dtí 5 orthu. (10 marc)
- (ii) Taispeán agus sainaithnígh ar do léaráid:
 -an t-aschur a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht.
 -meánchostas táirgthe an aschuir sin.
 -an praghas a ghearrfaidh sé ar an aschur sin.
 -cibé brabús normálta nó brabús osnormálta atá á shaothrú ag an ngnólacht. (20 marc)
- (b) (i) Luaigh DHÁ shaintréith ar leith a bhaineann le struchtúr mhargadh Monaplachta.
 (ii) Scríobh gearrnótaí ar gach ceann díobh sin. (25 marc)
- (c) (i) Tabhair DHÁ shampla de thionsail in Éirinn ar monaplachtaí iad, dar leatsa.
 (ii) D'fhéadfadh gnólachtaí nua a bheith ag iarraidh dul isteach mar chuid de na tionscail sin ach tá bacainní ann a d'fhéadfadh iad a chosc.
 Luaigh agus mínigh tréithe DHÁ bhacainn a d'fhéadfadh a bheith ina mbacainn ar dhul isteach. (20 marc)

[75 marc]
THALL

2. (a) Is féidir costais ghnólaíochta a roinnt ina gcostais sheasta agus ina gcostais athraítheacha.
 (i) Mínigh an bhrí atá leis an dá chineál sin costas.
 (ii) Tabhair sampla AMHÁIN de gach ceann de na costais sin ar ghnólaíocht. (25 marc)

- (b) Léiríonn an léaráid seo a leanas costais ghnólaíchta ar leith go gearrthréimhseach:



- (i) Déan an léaráid a chóipeáil i do fhreagarleabhar agus cuir lipéad ar gach ceann de na cuair 1 agus 2.
 (ii) Mínigh na cúiseanna a bhfuil U-chruth ar an gCuar Meánchostais Iomláin:
 ó phointe A go B;
 ó phointe B go C;
 tábhacht phointe B. (25 marc)
- (c) Tabhair do bharúil faoi thógáil an chórais taistil mholta 'LUAS' i mBaile Átha Cliath.
 Luagh agus mínigh DHÁ bhuntáiste eacnamaíocha a bhaineann leis an bhforbairt sin.
 Luagh agus mínigh DHÁ mhíbhuntáiste eacnamaíocha a bhaineann leis an bhforbairt sin.
 (25 marc)
 [75 marc]
3. (a) Braitheann éileamh tomholtóra ar earraí agus ar sheirbhísí ar a lán fachtóirí.
 (i) Luagh TRÍ fhachtóir a mbíonn tionchar acu ar éileamh tomholtóra.
 (ii) Scríobh notaí ar gach ceann de na fachtóirí a luagh tú. (30 marc)
- (b) Le go gcuirfi tráchttearra san áireamh mar earra eacnamaíoch ní mór saintréithe ar leith a bheith ag baint leis.
 Áirítear ar na tréithe sin:
 - ní mór dó a bheith gann i dtaca le héileamh;
 - ní mór dó a bheith inaistrithe;
 - ní mór fóntas a bheith ann don tomholtóir.
 (i) I dtaca le hearraí eacnamaíocha mínigh an bhrí atá le haon dá cheann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu thusa;
 (ii) Tabhair sampla AMHÁIN de thráchttearra nach earra eacnamaíoch é, dar leatsa.
 Tabhair cúis le do fhreagra. (25 marc)
- (c) Seo a leanas an fhoirmle le Praghásleáisteachas an Éilimh a thomhas:

$$\frac{\Delta Q}{\Delta P} \times \frac{P_1 + P_2}{Q_1 + Q_2}$$

Mínigh cad dó a seasann gach ceann de na téarmaí (siombailí) thusa. (20 marc)
 [75 marc]

4. Léiríonn an tábla seo a leanas Buntáistí Comparáideacha idir tíortha A agus B i dtáirgeadh bia agus innealra.

Tír	Tráchtearra (táirgeadh an duine san uair)	
	BIA	INNEALRA
Tír A	16 tonna	4 aonad
Tír B	32 tonna	16 aonad
Aschur Iomlán	48 tonna	20 aonad

- (a) Tá Tír B níos éifeachtaí i dtáirgeadh an dá earra ach d'fhéadfadh gach thír acu tairbhe a bhaint as speisialú a dhéanamh i dtáirgeadh earra amháin.
- (i) Cén t-earra a tháirgfeadh Tír B? Cén fáth? (7 marc)
 - (ii) Cén t-earra a tháirgfeadh Tír A? Cén fáth? (7 marc)
 - (iii) Ríomh an t-aschur iomlán a bheadh ann, dá dtarlódh speisialtóireacht? (6 mharc)
- (b) Tá tábhacht le honnmhairí agus le hallmhairí do gheilleagar na hÉireann.
- (i) Luaigh agus mínígh DHÁ chúis a bhfuil tábhacht le hallmhairí do gheilleagar na hÉireann. (30 marc)
 - (ii) Luaigh agus mínígh DHÁ chúis a bhfuil tábhacht le honnmhairí do gheilleagar na hÉireann. (25 marc)
- (c) Cuir i gcás go bhfuil luach ÉIR£1,000m le honnmhairí sofheicthe na hÉireann agus go bhfuil luach ÉIR£800m lenár n-allmhairí sofheicthe:
- (i) Ríomh ár gComhardú Trádála, agus luaigh cé acu an bhfuil sé in easnamh nó i mbarrachas;
 - (ii) Tabhair DHÁ shampla d'onnwmhairí dosfheicthe as Éirinn;
 - (iii) Tabhair DHÁ shampla d'allmhairí dosfheicthe go hÉirinn. (75 marc)
5. (a) Cad is 'airgead' ann? (10 marc)
- (b) Is iad na ceithre fheidhm atá le hairgead i ngeilleagar:
- gníomhaíonn sé mar mheán malartaithe.
 - gníomhaíonn sé mar thomhas luacha.
 - gníomhaíonn sé mar stór rachmais.
 - gníomhaíonn sé mar chaighdeán d'íocaíochtaí iarchurtha.
- Mínigh an bhrí atá le haon dá cheann de na feidhmeanna thuasluaite. (20 marc)
- (c) Tá An Banc Ceannais freagrach as airgeadra na hÉireann a phriontáil.
- (i) Luaigh aon trí cinn de na feidhmeanna eile atá ag an mBanc Ceannais.
 - (ii) Scríobh gearrnótaí ar gach ceann de na feidhmeanna sin. (25 marc)

- (d) Tá Éire ar cheann de na tíortha atá ag bogadh i dtreo úsáid airgeadra nua an AE - ar a dtugtar an **EURO**. Luaigh agus mínígh buntáiste amháin a bhaineann leis an airgeadra sin do gach dream dióbh seo a leanas:

- (i) do thomholtóirí Éireannacha;
- (ii) do ghnólaictaí onnmhairithe Éireannacha. (20 marc)

6. (a) Mínigh go soiléir an bhrí atá leis an téarma ‘boilsciú’. (15 marc)
- (b) Cén t-innécas a úsáidtear leis an ráta boilscithe a thomhas? (10 marc)
- (c) Pléigh na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag ardú sa ráta boilscithe ar AON DÁ cheann diobh seo a leanas:
- (i) Fostaithe;
 - (ii) Fostóirí;
 - (iii) Daoine atá ag fáil cúnamh leasa shóisialaigh.
- (30 marc)
- (d) Téann laghdú sna rátaí úis chun tairbhe do gheilleagar na hÉireann.
Pléigh na sochair a bhainfeadh AON DÁ CHEANN diobh seo a leanas as laghdú sna rátaí úis:
- (i) Iasachtaithe;
 - (ii) An rialtas;
 - (iii) Fostóirí.
- (20 marc)
[75 marc]
7. (a) Tá fadhbanna eacnamaíochta ag a lán tíortha tearcfhorbartha (UDC) faoi láthair.
- (i) Luaign CEITHRE fhadhb atá ag tíortha tearcfhorbartha faoi láthair.
 - (ii) Scríobh gearrnótaí faoi aon dá cheann de na fadhbanna sin.
- (30 marc)
- (b) D’fhéadfadh rialtais na dtíortha sin bearta éagsúla a dhéanamh le déileáil leis na fadhbanna sin.
- (i) Luaign TRÍ CINN de na bearta sin.
 - (ii) Scríobh gearrnótaí faoi aon dá cheann de na bearta sin.
- (25 marc)
- (c) Is féidir le rialtais tfiortha sa domhan forbartha cuidiú a thabhairt do na tíortha tearcfhorbartha chomh maith le cuid dá gcuid fadhbanna a réiteach.
- (i) Mínigh an bhrí atá leis ‘an domhan forbartha’.
 - (ii) Luaign DHÁ bheart a d’fhéadfadh na rialtais sin a dhéanamh le cuidiú le tíortha tearcfhorbartha.
 - (iii) Scríobh gearrnótaí ar gach ceann de na bearta sin.
- (20 marc)
[75 marc]
8. (a) Is féidir cánacha a rangú mar chánacha díreacha nó indíreacha.
- (i) Mínigh an bhrí atá le cánacha díreacha agus cánacha indíreacha.
 - (ii) Tabhair DHÁ shampla de gach ceann de na cineálacha cánacha sin.
- (30 marc)
- (b) Is iad na ceithre phrionsabal cánachais:
- | | | | |
|-----------|----------|------------|-----|
| COTHROMAS | TÍOSACHT | CINNTEACHT | ÁIS |
|-----------|----------|------------|-----|
- Mínigh go hachomair agus go soiléir an bhrí atá le gach ceann de na prionsabail chánachais sin. (25 marc)
- (c) Chabhraigh na daoine seo a leanas go mór le smaointeoiracht eacnamaíochta a fhorbairt:
- Thomas Malthus; Adam Smith; John Maynard Keynes;**
- (i) Luaign bealach amháin ar chuidigh AON DUTNE AMHÁIN diobh sin le forbairt smaointeoirachta eacnamaíochta;
 - (ii) Scríobh gearrnóta a thugann míniú soiléir ar an gcuidiú sin.
- (20 marc)
[75 marc]

M
T
N

RABHADH

Ní mór an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar,
nó caillfear marcanna.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Scrúdú na hArdteistiméireachta, 1999

M.58TA

EACNAMAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL

ROINN A (100 marc)

Scrúduimhir

Freagair aon **sé cinn** diobh seo a leanas:-

1. Is iad na **ceithre fhachtóir táirgthe**:

(a) _____ (b) _____
(c) _____ (d) _____
(16 marc)

2. I gcúrsaí eacnamaíochta, cén bhrí atá leis an téarma ‘**fiontraí**’?

(16 marc)

3. Mínigh an bhrí atá leis an téarma “**soghluaisteacht lucht saothair**”.

(16 marc)

4. Is ionann Ioncam Náisiúnta thír agus iomlán na n-ioncam a fhaigheann gach ceann de na cheithre fhachtóir táirgthe i dtír i mbliain amháin.

Luaigh na TRÍ bhealach a úsáidtear leis an Ioncam Náisiúnta a ríomh.

(a) _____
(b) _____
(c) _____
(16 marc)

5. Mínigh an bhrí atá leis an téarma “earraí aonchineaálacha” - mar a úsáidtear é in Iomaíocht Fhoirfe agus tabhair sampla amháin de.

(16 marc)

6. Ainmnigh CEITHRE bhallstát den Aontas Eorpach, seachas Éire.

(a) _____ (c) _____
(b) _____ (d) _____

(17 marc)


7. Maíonn tuairisci sna meáin chumarsáide le gairid go bhfuil baint ag a lán daoine leis an ngeilleagar dubh. Cén bhrí atá leis an téarma an ‘geilleagar dubh’?

(17 marc)

8. Mínigh an bhrí atá leis an téarma ‘**Barrachas Buiséid Reatha**’.

(17 marc)

9. Léiríonn an léaráid thíos Éileamh agus Soláthar i margadh.



- (i) Cuir lipéad soiléir ar na línte a bhfuil na huimhreacha 1 go 3 orthu.
(ii) Léirigh ar an léaráid thusa:
(iii) ● an praghas a gearradh ar an earra ar an margadh sin
● an chainníocht a díoladh ar an margadh sin.

(17 marc)